




Gaelscoil Thulach na nÓg

Plean scoile corpoideachas

Plean Scoile Drámaíochta

■ Téideal

Seo plean scoile le haghaidh an Dráma i nGaelscoil Thulach na n-Óg. I nGaelscoil Thulach na n-óg, tá seacht múinteoirí ranga, príomhoide, múinteoir tacaíocht foghlamtha lánaimseartha, múinteoir tacaíocht foghlamtha roinnte (lonnaithe sa scoil náisiúnta i gCill Bhríde) agus múinteoir cabhair ranga.

■ Reasúntacht

(a) Conas a cuireadh an plean le chéile agus cé bhí páirteach ann?

Bhí sé mar post freagrach ag Jacinta an plean dramaíocht a dhreachtú. Déantar plé leis an príomhoide agus na múinteoirí ar an slí chun an plean dráma a leagan amach. Tar éis dreachtú a dhéanamh ar an plean dráma, tháinig na múinteoirí le chéile chun an plean scoile a chur le chéile.. Bhí an dréacht seo curtha ós comhair an bord bainistíochta agus glactar leis mar an plean scoile don drámaíocht.

(b) Reasúntacht

Freastalíonn dramaíocht rathúil ar an saol ar bhealach réalaíoch nó mearfach, soiléireoidh sí dúinn gnéithe den saol réalaíoch, agus cuirfidh sí béim ar na patrúin faoina bhun. Tugann dramaíocht féinmhuinín agus deis dóibh gníomhú ar stáitse agus ligean dóibh iad féin a chur in iúl go póiblí.

Is próiseas cuthaitheach í dramaíocht oideachasiúl mar a thuigtear sa churaclam é, a thugann deis do pháistí lánacmhainn na dramaíochta mar eisp eireas foghlama a thaiscéaladh.

Tugann dramaíocht deis do gach pháiste eolas nua a bhaint amach trí dhimisiúin gníomhaíochta agus eispéireas.

An deis a thabhairt do gach pháiste teacht chun eolais a bhaint amach ar na bealaí is fearr a oireann dóibh. a dhéanamh agus an tslí sin dearcadh a chothú a bhreathnaíonn ar eolas mar riachtanas chun (h)aireachtáil ar an saol mór, na hachmháinní a shólathar trínar féidir leis na bpáiste eolas a chomhcheangal ar mhodh spéisialta le foghlaim agus le heispéireas roimhe seo.

Cuidiú leis na bpáiste pátrún agus aontacht a thabhairt faoi deara I bpíosáí difriúla eolais a ndéantar teagmháil leo in ábhair dhifriúla.

An ní atá gar a chur I bhfad ar shiúil agus an méid atá I bhfad ar shiúl a thabhairt I ngar ag an léibhéal cognaíoch agus mothaitheach aroan I dtreo is gur féidir gnéithe den saol a iniúchadh dlúth go leor chun scrúdú éifeachtach a dhéanamh orthu, ach fada go leor ar shiúil chun go mbeidh an páiste sabhailte.

Eispéireas siabhair sa teanga labhartha a thabhairt don pháiste agus an deis a sholáthar chun réimsí difriúla teanga a thriail.

Táithí ar dhrámaíocht nar fhoirm ealaíne a thabhairt don pháiste.

Cuidiú leis na bpáiste eispéiris I gcultúir eile a oiriúnú agus a chomhshamhlú dóibh féin.

Cuidiú leis an bpáiste timpeallacht athraitheach a chomhshamhlú trí theacht roimh fhorbairt shíeolaíoch agus trí scaoileadh leis? lei féin tarchéimiú a dhéanamh ar thaithí ar an toirt trí réimsí eile saoil a thrial trí mhéan na dramaíocht.

Forbairt shámhlaíocht intleachtúil mhóthuchánach agus fhorbairt an pháiste a éascú ar bhealach comhaimseartha iomlánaíoch.

Cruthaitheacht, cumadoireacht, géarchúis, fionnachtain agus réiteach fadhbanna an pháiste a chothú trí iniúchadh gníomhacht ar a bhfuil imfhiosach donsaoil mór.

Ionbhá le hidéanna dearcadh agus móthúchain daoine eile a chur chun cinn.

■ Fís agus aidhmeanna

Fís – An plean i gcomhthéacs na scoile

An fís atá ag an scoil maidir leis an drámaíocht a mhúineadh ná deis a thabhairt do gach páiste eolas nua a bhaint amach trí dhiminisiún gníomhachta agus eispéireas atá samhailteacht, éispéireas saibhir sa teanga labhartha a thabhairt don pháiste agus an dies a sholáthar chun réimsí difriúla teanga a thríal. An samhlaíocht a fhorbairt sa rang agus munín an pháiste a fhorbairt fresin. Go mbeidh munín ag na páistí aisteoireacht a dhéanamh shuas ar an stáitse.

Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an churaclaim dhrámaíochta ná

- a chur ar chumas an pháiste litearthacht sa drámaíocht a shealbhú
- a chur ar chumas an pháiste naisc bhuana a chruthú idir súgradh trí chur i gcéill agus foirm ealaín na hamharclainne
- a chur ar chumas an pháiste dul i dteagmháil le saol na drámaíochta go fisiceach, go mothúchánach agus go hintleachtúil chun scileanna iniúchta, cumasaithe agus ionbhá a chothú
- a chur ar chumas an pháiste na scileanna sóisialta atá riachtanach chun caidreamh a dhéanamh go hoscailte, go macánta agus go sultmhar le daoine eile a fhorbairt
- a chur ar chumas an pháiste comhoibriú le daoine eile agus cumarsáid a dhéanamh leo chun fadhbanna a réiteach sa drámaíocht féin agus trí mheán na drámaíochta
- a chur ar chumas an pháiste struchtúir agus modhanna na drámaíochta agus mar a chruthaíonn siad naisc idir súgradh, smaointe agus an saol féin a thuiscint
- a chur ar chumas an pháiste teacht ar an eolas seo i dtaobh drámaíochta trí iniúchadh gníomhach a dhéanamh ar théamaí bunaithe ar an saol (an saol atá thart agus an saol atá ann faoi láthair), cibé acu ar baineadh as réimsí eile den churaclam iad nó as réimsí coitianta de shaol an pháiste
- a chur ar chumas an pháiste tosú ar a chuid eolais ar dhrámaíocht a chur i bhfeidhm agus téamaí beatha as litríocht na drámaíochta á n-iniúchadh go gníomhach aige/aici, próiseas a mbeadh de thoradh air ciall agus tuiscint a chothú don chultúr drámaíochta domhanda
- critéir a cheapadh chun a chur ar a c(h)umas meastóireacht a dhéanamh ar na téacsanna drámaíochta, idir scríofa agus léirithe, a bhíonn á gcur ina láthair de shíor.

Cuspóirí leathana

Ach a c(h)umas dúchasach agus tosca athraitheacha a chur san áireamh, ba chóir go gcuirfeadh an curaclam drámaíochta ar chumas an pháiste

- dul i dteagmháil go fisiceach, go hintleachtúil agus go mothúchánach le comhthéacs na drámaíochta ficseanaí agus, trí chomhoibriú le daoine eile, eolas a chur ar a féidearthachtaí
- ionbhá agus comhthuiscint le daoine eile agus, mar aon leis sin, an fhéinmhuinín is gá chun ról nó carachtar duine a ghlacadh air/uirthi féin a fhorbairt
- atmaisféar inar féidir idéanna, mothúcháin agus eispéireas a chur in iúl, inar féidir plé le coimhlint go dearfach agus inar féidir cora an tsaoil a iniúchadh go hoscailte macánta
- inoiriúnaitheacht phearsanta, spontáineacht, cumas comhoibrithe, scileanna briathartha agus neamhbhriathartha, samhlaíocht agus cruthaitheacht a fhorbairt d'fhonn a chinntiú go léireofaí an saol faoi úmar atá sé agus ar bhealach bailíoch úr sa téacs drámata
- an cumas socrú ar an mbealach ionramhála is dóichí a mbeadh gníomhaíocht dhrámata suntasach mar thoradh air a fhorbairt
- cumas a fhorbairt drámaíocht a stiúrú i dtreo réimsí ar dócha go gcuirfidís léargais ar fáil ar an ábhar a bheifí á iniúchadh, cibé genre a roghnófaí

- cumas a fhorbairt ar oibriú as ról agus i gcomhar le daoine eile, chun na fadhbanna a d'éireodh le linn déanamh drámaíochta a réiteach
- cumas a fhorbairt ar oibriú i ról agus i gcomhar le daoine eile, chun an dráma a choinneáil ar siúl, chun comhthéacsanna a cheapadh agus chun na fadhbanna a gcastar orthu i ndéanamh na drámaíochta a réiteach
- cumas a fhorbairt an drámaíocht a úsáid chun dearcadh áirithe a chur in iúl nó a chur chun cinn i dtaobh saincheiste éigin a dtarlódh tuairimí láidre nó meon íogair a bheith aige/aici ina taobh
- cumas a fhorbairt an drámaíocht a úsáid chun ábhar neamhaithnid a scrúdú agus a iniúchadh ar mhaithe le tuiscint a fháil ar a phatrúin, a bhríonna agus a choincheapa
- íogaireacht, fiosracht agus tuiscint a fhorbairt ar na patrúin dá bhfuil an drámaíocht comhdhéanta agus atá ag éirí níos casta agus ar na léargais a shníonn uathu sin agus atá ag dul i ngrinneas go seasta
- feidhm a bhaint as drámaíocht chun gné dhaonna an uile shaghas foghlama a iniúchadh go gníomhach mar ghléas comhtháthaithe curaclaim
- feasacht ar na fo-théacsanna a nochtar go héadoilteanach sa drámaíocht agus sa saol a fhorbairt
- tosú ar thuiscint agus ciall do phlota agus do théama a fhorbairt trí bheith ag déanamh scéalta go gníomhach sa drámaíocht, le súil go bhfónfaidís seo mar bhonn do thuiscint ar litríocht dhrámata agus ar an mbaint atá aici le cumadóireacht téacsanna in áit agus ag am faoi leith
- tosú ar bheith in ann teachtaireachtaí follasacha agus teachtaireachtaí folaithe a aithint i dtéacsanna drámata, ó fhógraíocht thráchtála go scríbhinní Shakespeare, trí fheasacht a fhorbairt ar an dóigh a fhítear luachanna agus dearcadh isteach sa drámaíocht
- tosú ar acmhainn a fhorbairt chun meastóireacht chriticiúil a dhéanamh ar bhailíocht na mbríonna folaithe i dtéacsanna drámaíochta agus ar an teagasc a bhíonn le baint astu.

■ An Churaclaim

1. Snátheanna agus Snáth Aonad

Snáitheanna

- Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú.

Snáithaonaid:

- Iniúchadh agus déanamh drámaíochta.
- Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht
- Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíocht

Naionán Shóisearach:

Snáitheanna: Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú

Snáth Aonad: Iniúchadh agus déanamh drámaíocht

- Déanamh cluichí sa chistin agus siopa.
- Ag cuir i gcéill go madraí ainmhithe eile iad
- Cathaoireacha a úsáid chun cluichí éagsúla a imirt.

Snáth Aonad: Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

- Dramaí beaga a labhairt ar mothúcháin
- Úsáidim é seo go hairithe i dtreo an O.S.P.S agus rudaí a tharlaíonn sa chlós

Snáith Aonad: Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíocht

- Na trí mhuicín
- Mím
- Coinín Cásca
- Puipéad
- Puipéad méara

Naionán Shinsireacha:

Snáitheanna: Drámaíocht chun mothúchain, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú

Snáith Aonad: Iniúchadh agus déanamh drámaíochta:

- ag déanamh dráma agus na páistí gléasta in éadaí oiriunacha, mar shampla I gculaith éadaí dochtúra/garda/maor tráchta/feirmeoir agus aithris a dhéanamh ar na gairm sin.
- A bheith in an ról a thuscint agus a léiriú sa dráma, ról ar nós, Daidí na Nollag/ an sionnach ag fiach sa choill, Cinnín Oir.
- Rudaí eagsúla ón seomra ranga a roghnú agus a úsáid le linn an dráma ar nós cathoireacha (Cinnín Oir agus Trí Bhéar), leabhar ón leabharlann (leabhar draíochta)
- Fadhbanna an charachteir a réiteach. Smaoineach a dhéanamh ar na cinéal fadhbanna a mbeadh ag an gcarachtar agus conas iad a réiteach mar shampla conas a ealóidh an coinín ón bpluaisgan ligint don sionnach é a fhéicéal.
- An plé agus an réiteach ar na fadhbanna a dhéanamh mar chuid de ghrúpa.
- Críoch rua a chuir ar roinnt sí scéalta
- Dráma a chumadh as amhráin, rann, dán atá déanta ag an rang.

Snáith Aonad: Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

- Ceisteanna a chur ar na páistí ar thaithin an dráma leo.
- Bunaithe ar na freagraí a thugann an rang athraigh roinnt gnéithe don dráma, ainm cuma na gcarachtar, mothúchain na gcarachtar
- Plé ranga a dhéanamh ar na mothúchain a bhí le brath le linn an dráma. An raibh brón/athas/ díoma/ sceitimíní/ fearg./eagla ar ach ceann de na carachtair. Conas mar a mhothaigh Cinnín Oir nuair a chonaic sí na trí bhéar.
- Plé a dhéanamh ar chonas a mhothaigh an lucht féachana agus iad ag bréanú ar an dráma.
- Plé a dhéanamh ar na hamhráin/rannata a bhí mar chuid den dráma, ar thaithin siad leo?
- Smaoineamh a dhéanamh maidir le conas gur féidir an dráma a fheabhsú, níos mó fearas, eadaí difriúla, nos mó/lú carachtair.

Snáith Aonad: Comhoibriú agus cúmarsáid I ndéanamh drámaíochta

- Ba choir go mbeidh na páistí inann comhoibriú agus iad ag obair le chéile le dráma a chumadh (obair ghrúpa)
- Labhairt le chéile, faoin dráma, na carachtair éagsúla, an ról atá acu.
- Deis labhartha a thabhairt do gach baill den ghrúpa
- Agus iad sa ról atá ann acu, cabhraigh leis na carachtair eile fadhb faoi loeth a réiteach, an mac tíre a coinneál ó Red Riding Hood, Conas Humpty Dumpty briste a dheisiú
- Grúpa airithe a chuir ag déanamh ceol, fuaimeanna, don dráma.

Roinnt drámaí do na Naíonaín

- Cinnín Oir agus na Trí Bhéar
- Humpty Dumpty
- Roinnt drámaí bunaithe ar ainmhithe, ainmhithe sa dufar, coill, feirm
- Ag siopadóireach
- Gairm éagsúla (garda, iascaire, dochtúir, fiacloir, múinteoir, togalaí)
- Críochanna nua a chuir ar na sí scéalta, Cinderella, Little Red Riding hood, Jack and the Beanstalk
- Eadaí Stracaithe

- Dráma a chumadh ó amhráin, dán a bhfuil déanta acu, Mo Bhreithlá , An Iora Rua
- Dráma na Nollag

Rang a 1:

Snáitheanna: Drámaíocht chun mothúchain, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú

Snáith Aonad: Iniúchadh agus déanamh drámaíochta

- **An chumas cuir I gcéill go súgrach a úsáid chun páirt iomlán a ghlacadh sa drámaíocht:**
- Buladh Bos
- Maisín Rithim
- Áit a mhalartú
- Dath ormsa, dath ortsá
- Bhuail mó Shúil
- Na gardaí agus an gadaí
- Duine go dhuine
- Fuaimeanna dallá
- **An fheasacht atá á cóthú aige/aici do a difríochtaí idir dhaoine a úsáif chun tosú ar an gcoibhneas idir ról agus carachtr a thuiscint:**
- Ligint orthu go bhfuil siad ainmhí áirithe agus iad ag dúiseadh don chéad uair taréis an geimhreadh. Fios acu ar an domhain timpeall orthu m.sh an áit ina bhfuil siad, boladh, bia, dainséir.
- Forbairt a chur ar carachteirí agus iad ag troid faoi fadhb atá crúinnithe ag an múinteoir.
- Dealbh a dhéanamh de phairtnéir a nascann le briathar áirithe chun an briathar sin a léiriú msh brónach, feargach.
- Bualadh bos timpeall an ciorcal lena súile dúnta
- Comhaireamh suas go dtí 20 agus an grúpa I gciortle gan beirt ag screadáil an uimhir ag an ám céanna
- Meaisín fuaime- téama a phiocadh agus na paistí ag smaoineamh ar fhuaim a bhaineann leis an téama sin
- A ag bogadh a lámh os comhair aghaidh B agus B ag bogadh lena lámh gan é a bhogadh níos gáire ná 6 cm ar aghaidh.
- **Mar a cheaptar comhthéacs agus amr a chruthaítear réaltacht dhrámata le cabhair spáis agus rudaí a eispéiriú.**
- Úsáid a bhaint as píosa éadach agsu scéal a cruthú thaur timpeall ar sin
- Éadaí a úsáid chun caractéirí a chruthú
- Breagáin a úsáid chun pearsantacht níos doimhne a thabhairt don caractéir
- **An tionchar a bhíonn ag saol ficseanach san ám atá thart agus ag saol ficseanach a shantaítear don am atá le teacht ar ghníomhaíocht dhráma láiothreach a eispéiriú**
- Leabhair áirithe a úsáid agus deiridh difriúla nó eachtra nua a chruthú bunaithe ar athrú áirithe I gcinneadh an caractéir m.sh The BFG, The Scallwags, The Twits
- Dán a úsáid chun caractéirí a chruthú m.sh Harry Hippopotamus, Sa Bhaile
- **Cumas a fhorbairt fócas na gníomhaíochta drámataí a choinneáil beo**
- Scileanna matamaitice a fhorbairt tríd fadhbanna a bhaineann le Sophie ón BFG a réiteach
- Eisleamlairí a d'fhoghlaim siad in úsáid na Gaeilge a úsáid go cruinn agus iad ag ligint orthu gurb iad caractéirí áirithe
- **Tosú ar a thabhairt faoi deara mar a bhuireann teannas leis an drámaíocht ar dhóigh a dheimhníonn go maireann spéis na rannpháirtithe inti**
- Fadhb a cruthú agus é a réiteach I gcomhair Sophie agus í ag éalú ó na fathaidh
- Réiteach a cir ar an bhfadhb nuair nach nglacann na hainmhí eile leis na Scallywags
- Harry Hippopotamus a cuir ag canadh leis féin

Snáith Aonad: Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

Léirsmaoineamh ar ghníomhachtaí dhrámata áirithe chun cursaí forbartha eile a chruthú mar mhalairt uirthi:

- Freagra a thabhairt do fadhb Sophie agus í ag iarraidh éalú ón bhfathach iad I ról mar caracteirí
- Teachnt suas le réiteach le haghaidh fadhb Harry Hippopotamus agus í gan aon duine lena dhán a chanadh dóibh
- Réiteach a thabhairt do fadhb na Twits agus iad ag cuir isteach ar na daoine a cónaíonn timpeall orthu.

An coibhneas idir scéal, téama agus táithí an tsaoil a eispéiriú trí mhéan na drámaíochta

- Aithniú a cuir ar conas mar a mba cóir daileáil le teacht cailín nua isteach go dtí an rang
- An fadhb a bhaineann le bulaíocht ins an seomra a aithniú trís sceitse bheag a dhéanamh bunaithe ar fadhb caracteir ficseanach
- Conas cabhair a thabhairt do dhaoine as a bhaile tríd ról Mamaí agus Dadaí a ghlacadh

Leargas a ghnóthaítear I rith na dramaíocht nó a éiríonn aisti a roinnt:

- Pictiúr a dhéanamh den am a raibh eagla an domhain ar caracteir Sophie
- Plé a dhéanamh ar conas mar a mhothaigh na Twits agus iad ag déanamh dochar do gach duine timpeall orthu
- Tuairmiú gníomhachtaí “The Scallywags” agus iad ag iarraidh a bheith go maith agus cabhair a thabhairt.

Snáith Aonad: Comhoibriú agus cúmarsáid I ndéanamh drámaíocht

An cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú le0 I múnlu dámaíochta

- I ndrám faoi ainmhí ar fheirm, a chinneadh ar cheart do na hainmhí obair a dhéanamh do fheirmeoirí nach bhfuil ag tabhairt aire cheart dóibh
- Éisteacht agus cúnamh a thabhairt nuair a lorgaíonn an múinteoir cabhair chun ról Dia a léiriú agus a sclábhaí ag dul tríd an bhfásach le Maois.

An cumas a fhorbairt I ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú I múnlu na drámaíochta;

- Dul I dteangmhaíl leis na paistí eile ins an ráma chun drám éifeachtuil a chuir I láthair

Caidreamh ficseanach a fhorbairt trí idirghníomhaíocht leis na carachteirí eile I radhairc mhionghrúpa nó ranga de réir mar a bhíonn an drámaíocht a chumadh:

- I ról mar bhean tuaithe, bheith ag iarraidh do chuid earraí a dhíol I log margaidh atá lán le robálaithe agus bithiúnaigh
- I ról mar asal, iarracht a dhéanamh trí mhéan cumarsáide fisiceacha agus gutha a chur in iúl do do mháistrí mar is gráin lear do thiomáinr suas in aghaidh leitreach carraigí
- I ról mar bhaill de ghrúpa teifeach atá stiúgha leis an ocras, iarracht a dhéanamh do chuid feirge a chur in iúl dóibh siúd atá ag cur baic ort dul isteach sa ghort cruithneachta
- I ról mar aoire, déan iarracht a dhéanamh do chuid caorach scaipithe a bhailiú isteach sa loca gan éirí ró-chrosta leo

Radharc a cheap miongháire amháin de na mionghrúpaí agus iad ag obair ag an am céanna a léiriú do bhaill eile an ranga

- Mar ghrúpa de dhaoine atá ag déanamh tromaíocht ar dhuine amháin
- Mar phéire atá ag iarraidh éalú ó na bhfathach.

Rang a 2:

Snáitheanna: Drámaíocht chun mothúchain, eolas agus idéanna a iniúchadh d’fhonn tuiscint a chothú

Snáith Aonad: Iniúchadh agus déanamh drámaíochta

- Taréis gach scéal a dhéanann na páistí sna habhar eile is féidir leo dul isteach ina gcarachteirí sna scéalta sin.
- Comhra faoi mothúchain na gcarachteirí agus rolghlacadh na gcarachteirí a dhéanamh freisin.
- Drámaí Nollaig agus comórtas drámaí a dhéanamh ar stáitse, sa scoil agus sa rang do na tuismitheoirí agus gaolta.

- Na páistí a bhriseash suas I ngrúpaí agus carachteirí a thabhairt dóibh. Tá ar an páistí a script féin a dhéanamh amach. An chéad uair ní thugann an múinteoir mórán leide dóibh, an dara uair tugann an múinteoir níos mó leide dóibh agus an tríú uair níos mó leide arís. Gach uair tá ar na páistí radharc difriúla a dhéanamh agus an script a athrú de réir na léidí.
- Comhra faoi an ám atá thart agus conas aisteoireacht a dhéanamh ar carachteirí agus sa todhcaí conas aisteoireacht a dhéanamh ar an gcarachtéir sin.
- Ag imirt go leor cluichí drámaíochta ar nós
- “Babhla torthaí” - Tá ainm torthaí ag gach duine agus caithfidh siad rith isteach san gcorcal má gcloiseann siad ainm an tortha.
- “Cogarnaí Síneach” – Suíonn na páistí síos ar an talamh agus déanann siad cogar isteach I gcluas an duine ata I naice leo.
- “An Bleachtaire agus an Dunmharaithe” - Caithfidh an bleachtaire tomhais cé é/í an dunmharú sular mairfidh an dunmharaigh na páistí ar fad
- “Ar bhóthair na smaointí” - Beidh páistí amháin mar an gcarachtéir sa leabhair aguscaithfidh na páistí ceisteanna a chur ar an duine sin trí an scéal a thuiscint agus a léamh.
- Le pictiúirí ón scéal plé a dhéanamh ar céard atá ag tarlú sna pictiurí.
- “Deir O Grádaigh”
- an scéal a inseacht sna stáideanna ceart agus mícheart.
- Go leor cluichí a imirt chun na carachteirí agus na scéalta a thuiscint agus go leor aisteoireacht a dhéanamh sa rang.

Snáith Aonad: Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht

Léirsmaoineamh ar ghníomhachtaí dhrámata áirithe chun cursaí forbartha eile a chruthú mar mhalairt uirthi:

- Comhra faoina scéalta ar fad, céard atá taréis tarlú, conas atá an suíomh ag forbairt, conas atá na carachteirí ag forbairt mar aon le go leor ceisteanna eile.
- Ag freagairt na ceisteanna sin ar fad.
- Ag léamh scéal do na páistí agus beidh ar na páistí deireadh difriúla a chur ar an scéal trí cluichí a imirt, script a scríobh agus é a aisteoireacht amach.
- Téamaí faoi leith a dhéanamh ionas go mbeidh na páistí inann teacht ar thuiscint, ar léargas agus ar eolas nua faoin saol.
- Déanfaidh an múinteoir agus na páistí léirsmaoineamh taréis gníomhaíochta drámatúla áirithe. Is féidir leis na psití ní hamháin an méid a tharla a phlé ach chomh amith leis sin na hidéanna agus na mothúchain a ndéantar teagmhail leo, mar aon leis an eolas nua an ghnóthaíodh.
- Agallamh a chur ar na páistí maidir leis na scéalta agus na carachteirí ar fad.
- Abairt amháin a thabhairt do na páistí atá I ngrúpaí agus tá ar na páistí scéal a dhéanamh suas trí comhra a bheith acu agus ansin é a aisteoireacht amach. Nuair atá na píosaí ar fad feicte againn is féidir linn níos mó eolas a fhailt ar na carachteirí trí cluichí a imirt.
- Na páistí ag úsáid spás an seomra ranga trí cluichí a imirt.
- Scéal eigéan a bhriseadh suas I píosaí agus tá ar na páistí an scéal a chur le chéile trí aisteoireacht a dhéanamh ar na píosaí a roghnaigh an múinteoir dóibh.

Snáith Aonad: Comhoibriú agus cúmarsáid I ndéanamh drámaíocht

An cumas a fhorbairt, as ról, cumarsáid a dhéanamh le daoine eile agus comhoibriú le0 I múnlu dámaíochta

- Taréis scéal a léamh agus a phlé, beidh díospoireacht ag na páistí faoi téama eigéan a bhí sa scéal.
- Cluichí análacha a dhéanamh leis na páistí
- Comhra faoin mothúchain, dearcadh agus tuairimí a bhíonn ag na gcarachteirí faoi leith
- Bris na páistí suas I ngrúpaí beaga agus tá orthu dramaí beaga a dhéanamh.
- Dramaí a dhéanamh bunaithe ar na téamaí sa Reiligiúin agus sna leabhair Beo go Deo
- Na páistí a thabhairt ag dráma éigéan thart timpeall an cheantar agus ansin cómhra a bheith againn faoin dráma a chonaic siad
- Má bhíonn na páistí ag comórtas drámaíochta is feidir leo na dramaí eile a fhéiceail agus plé a dhéanamh ar na téamaí ar fad agus céard faoi a bhí na dramaí ar fad bunaithe ar.

Rang a trí:

Snáitheanna : Dramaíocht chun móthúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú

Snáith Aonad: Iniúchadh agus déanamh drámaíochta

- Conradh Dramaíochta a dhéanamh suas leis an rang; smaointí a fháil ó na páistí faoi:
 - Conas rang dramaíochta a dhéanamh a bheith tairbheach agus sábhailte le haghaidh gach éinne?
 - Comhartha cosúil le 'Stop' a aontú leis na páistí srl
 - Conradh a scríobh suas ar an gclár bán agus ansin ar phostaer
- Plé a dhéanamh ar an Conradh Dramaíochta- an dtuigeann gach éinne céard atá i gceist leis?
- 'Ag déanamh míim' - Múinteoir/Páiste ag déanamh míim agus caithfidh na daoine tomhas a dhéanamh ar céard atá ann- duine- garda m.sh nó ghníomhaíocht- ag ceannach rudaí sa siopa m.sh.
- 'Ag déanamh míim' le ceol chun níos mó dramaíochta chur sa mhím.
- Mímeanna a dhéanamh bunaithe ar mothúcháin, caractairí ón Simpsons, ainmhithe amach ag siúil
- Cur leis an míim a chum na grúpaí le píosaí ceoil, nó duine acu ag caint faoi céard atá ag tarlú sa míim.
- 'Ag bogadh isteach go scéal' - Plé a dhéanamh ar scéal atá ar eolas acu- Cú Chulainn, Na trí Muca beaga m.sh
- Le pictúirí ón scéal plé a dhéanamh ar céard atá ag tarlú sna pictúirí
- Rud a thabhairt isteach- cathaoir m.sh chun spreagadh a thabairt do na páistí píosa dramaíochta a chumadh
- Ag cumadh píosa dramaíochta bunaithe ar eachtra áirithe i scéal- seanmhathair agus an madra
- Ag cumadh píosa dramaíocht bunaithe ar líne a tugtar do na páistí- 'Tá cuilleog i mo anraith' m.sh.
- Ag cumadh fógra teilifíse faoi díolacháin áirithe atá san siopaí
- Páiste sa cathaoir ó tréimhse áirithe sa Stair- an am nuair a bhí a tuismitheoirí óg- agus tá ar na páistí eile ceisteanna a chur an an bpáiste
- 'Cluiche ainm' - I gciorcal. Ritheann páiste isteach, deireann siad a ainm le ghníomaíocht.
- 'Bogadh, Bogadh' - Páistí ag suí ar cathaoireacha I gciorcal. Múinteoir- 'Bog' - Bogann páistí áit amháin ar dheis. Múinteoir- 'Bog, Bog' - Bogann páistí áit ar chlé.
- 'Cóipeáil agus athrú' - Déanann páistí cruth lena lámh, 'tugann' siad an cruth don chéad páiste eile, déanann siad cóip air. Ansin, déanann siadsan a cruth féin agus cuireann siad an cruth ar aghaidh sr.
- 'Duine go duine' - Deireann an múinteoir- 'cos le cos' agus tá ar na páistí é sin a dhéanamh srl
- Céard a tharla?- I mbeirteanna. Déanann A rud éigin agus B ag féachaint. Dúnann B a s(h)úile. Athraíonn A rud amháin. Osclaíonn B a s(h)úile agus tá orthu a rá céard a athraigh siad.
- 'Cnag, Cnag' - Páiste le púicín orthu agus déanann sé/sí iarracht duine a aithint trí éisteacht lena guth.
- 'Siorcanna' - I gciorcal. Páiste amháin mar an siorc. Tá orthu súil suas chuig duine, ansin a méar a chur I dtreo duine eile, agus tá ortu ainm an duine sin a rá, nó beidh siadsan mar an siorc.
- 'Aliens' Ag bogadh timpeall an seomra ag ligint orthu gur aliens iad agus tá orthu teangmháil le chéile cosúil le aliens.

- ‘Cathaoir’- Teachta chuig an cathaoir agus rudaí difriúla a dhéanamh- ag ithe ag an mbord srl

Léirsmoineamh ar dhrámaíocht

- Abair leis na páistí go mbeidh siad ag éisteacht le píosaí ceoil difriúla agus go bhfuil orthu bogadh leis an gceol agus ansin stop ar an spota nuair a stopann an ceol
- Ag bogadh isteach go scéal’ - Plé a dhéanamh ar scéal atá ar eolas acu- - Le pictúirí ón scéal plé a dhéanamh ar céard atá ag tarlú sna pictúirí
- Ag tosnú le píosa dramaíochta ón tús go deireadh- ag athrú an deireadh
- Ag tosnú le píosa dramaíochta ón deireadh ag dul ar ais go tús an scéal
- Ceannteideal a thabhairt amh agus píosaí dramaíochta a chumadh bunaithe ar na ceannteideal seo
- Pictúir ó leabhair bunaithe ar Siopadóireacht agus píosa dramaíochta a chumadh ar an bpictúir sin.
- Caractair ón eachtraí difriúla a chur faoi agallamh
- An múinteoir ag glacadh páirt sna drámaí
- Glaonn an múinteoir mothúcháin, nó eachtra ó leabhair agus ta ar na páistí an pose sin a choinneáil.
- Páistí i gciorcal. Le cruth, cruthaíonn gach páiste scéal faoin cruth sin.
- Tá air na páistí teacht suas le focail faoi ábhar éigin agus gan athrá a dhéanamh ar aon focal.- Scoil- Peann, múinteoir srl
- Fear agus a puipéad- I mbeirteanna, duine amháin an fear/bean, an duine eile an puipéad.
- Paiste i rol ag suí ar cathaoir. Cuireann na páistí eile ceisteann ar an ‘caractair’ seo ag lig orthu gur iriseoirí iad.
- Tugann an múinteoir líne –‘Tá rud ait tar éis tarlú’ m.sh, agus tá ar na páistí i ngrúpaí de ceathrar phíosa dramaíochta a chumadh agus a chur ar siúl don rang.
- Ag tógáil píosa ó leabhair/scannán tá ar na páistí ina ngrúpaí dul ar aghaidh/siar go dtí an tús ón bpointe sin.
- Na páistí ag siúl timpeall an seomra agus iarrann an múinteoir orthu torann éigin a dhéanamh; torann ó cogadh, torann i monarchan srl.
- Eachtra a tharlaíonn sa ghnáthsaoil a dhéanamh mar phíosa dramaíochta: Oíche Shamhna- ag dul timpeall na títhe, ag an tine chnámh srl.
- An múinteoir i ról. Caitheann an múinteoir hata agus le seo tá sé sa ról. Tá air páistí ceisteanna a chur ar an ‘duine’ seo.
- Déanann na páistí dhá líne. Siúlann páiste amháin idir an dhá líne seo, páiste atá fadhb acu, tugann na páistí ón dhá líne comhairle don duine. Is féidir leis an duine lean ar aghaidh nó plé a dhéanamh leis an duine a thug an comhairle.
- An improvisation a athdhéanamh le cúpla athruithe ó gach grúpa tar éis plé a dhéanamh ar an gcéad iarracht.
- Ag deireadh gach píosa déanann an cuid eile den rang tomhas ar céard a bhí á dhéanamh ag an ngrúpa, agus plé a dhéanamh ar coas a d’éirigh leo.
- Páistí ag siúl timpeall an seomra ag bualadh le chéile agus ag croith lámha. Coinníollacha difriúla gach cúpla nóiméad- eagla ort, an-áthas iad a fheiceáil srl
- Bogann na paisti timpeall an seomra. Ar feadog, ta ar duine acu stop ar an spota le ghníomaíocht éigin, tá ar duine iad a chóipeáil, Leanann seo ar aghaidh go dtí go bhfuil gach duine tar éis stopadh ar an spota.
- An múinteoir sa ról: Príomhcaractair sa scéal agus céard tá ag tarlú dóibh- na caractairí difriúla agus cé chomh deacair is atá sé sin
- Na páistí ag ligint orthu go bhfuil siad mar na caractairí sa scéal ag bogadh timpeall an seomra nuair atá an múinteoir ag leamh an scéal/dán
- Píocann an múinteoir pointe ón scéal agus caithfidh na páistí i ngrúpaí an suíomh sin a

chumadh gan bogadh

- Cuireann an múinteoir lámh ar ceann duine de na páistí sa ghrúpa agus luann siadsan conas a mothaíonn an caractair ag an bpointe sin
- An múinteoir sa ról: Príomhcaractair sa scéal agus céard tá ag tarlú dóibh- an príomhcaractair agus cé chomh decair is atá sé sin
- Sna grúpaí tá orthu deireadh nua a chumadh ar an dán
- Ag ullmhú don ullmhú don suíomh- scealaíocht faoi imirceacht mar thús
- Déanfaidh gach clann dealbhú anois ar íomhá ón ócáid sin nuair a bhíonn siad go léir bailithe le chéile ag deireadh an lae.
- Ag gluaiseacht ón íomhá dealbhaithe chuig grúp-thobchumadh gairid
- Tacaí a úsáid chun tuiscint níos fearr a fháil ar na caractair i ngach clann- griangraf m.sh
- Inis do na páistí go mbeidh muintir an bhaile ag teacht le chéile ag an gcruinniú míosúil i gcearnóg an bhaile sa chéad seisiún drámaíochta eile.
- Téigh siar ar an seisiún deireannach. Abair leis na páistí anois go bhfuil siad chun ullmhú don chruinniú míosúil.
- Ag soiléiriú na rólanna laistigh de gach grúpa clainne- an mbealach ina ndéanfar cearnóg an bhaile a leagan amach
- Ag cleachtadh le haghaidh Dráma na Nollaig. Beidh amhránaíocht, damhsa, agus dramaíocht ann. Comhthathú idir ceol, corpoideachas agus dramaíocht a bheidh ann mar sin.
- Eachtra a tharlaíonn sa ghnáthsaoil a dhéanamh mar phíosa dramaíochta: Lá Fheile Bríde/ Aimsir- An t-Earrach.

Comhoibriú agus cúmarsáid i ndéanamh drámaíocht

- Mím a dhéanamh i mbeirteanna- ag dul chuig a siopa m.sh. Taispeantas. Tá air na daoine eile tomhas a dhéanamh ar céard atá ag tarlú sa mím.

- Eachtra a dhéanamh ina bhfuil ar daoine tomhas a dhéanamh ar céard é an chéad rud eile a tharlaíonn/ deireadh nua a chur le scéal atá ar eolas acu- I siopa m.sh. Taispeantas.
- Lig do grúpaí de ceathrar rud éigin a chumadh bunaithe ar na pictúirí sin
- I mbeirteanna ag déanamh agallaimh le réalta ó scéaltaí difriúla, comhrá ar an bhfón
- Na páistí i mbeirteanna ag cumadh píosa dramaíochta bunaithe ar ceannteideal ón nuachtán
- I ngrúpaí de ceathrar cleachtadh a dhéanamh ar a improv
- Improv spórt- plé at dtús ar na saghas cluichí spórt is féidir improv a dhéanamh air
- Ag cumadh fógraí teilfise ar earraí atá le fáil sna siopaí- I mbeirteanna.
- Tar éis tamaill tá orthu, nuair a deireann an múinteoir 'téigh', improv a dhéanamh ón spota ina stop siad
- Plé a dhéanamh ar na improv
- Plé a dhéanamh ar na caractairí a lig. An ndéanfaidh tú aon athrú ar aon deireadh a chonaic tú?
- Déanann na páistí mím ar scéal a leigheann an múinteoir amach. An scéal a léamh roimh ré, plé a dhéanamh ar na ghníomhaíochtaí agus na páistí a chur i ngrúpaí maidir leis na mímeanna difriúla.
- Cumann na páistí a phíosa dramaíochta féin agus déanann páiste amháin ón ghrúpa caint air céard atá ag tarlú san eachtra- bunaithe ar Oíche Shamhna
- Déanann na páistí dhá líne. Siúlann páiste amháin idir an dhá líne seo, páiste atá fadhb acu, tugann na páistí ón dhá líne comhairle don duine. Is féidir leis an duine lean ar aghaidh nó plé a dhéanamh leis an duine a thug an comhairle.
- Páistí a chur i ngrúpaí de ceathrar. Tá orthu dramaí a chumadh bunaithe ar eachtraí ar scoil/ teilifís/ Ag ceannach éadaí m.sh
- Ag deireadh gach píosa déanann an cuid eile den rang tomhas ar céard a bhí á dhéanamh ag an ngrúpa, agus plé a dhéanamh ar coas a d'éirigh leo.

- Improvisations- Tugtar cártaí le líne (bunaithe ar Caitheamh Aimsire/ Ar scoil m.sh) ar ina bhfuil ar an ngrúpa sin a phíosa dramaíochta a thosnú ón líne sin.
- Am a thabhairt do na grúpaí ullmhúchan a dhéanamh ag díriú ag na ceisteanna- Cén áit? Cathain? Cé? Cad? chun an suíomh a chruthú.- Taispeantas.
- Leis na páistí 'céad línte' a chumadh leo, agus improvisations a chumadh leis na línte sin i ngrúpaí de ceathrar
- Dul ar aghaidh/ téigh siar eachtra amháin ón improvisation a rinne siad
- Leis na páistí 'línte deireanacha' a chumadh leo, agus improvisations a chumadh a chríochnaíonn leis na línte sin i ngrúpaí de ceathrar.
- I ngrúpaí ag cluiche peile. Na páistí mar luach féachana agus paiste amháin ag rá céard tá ag tarlú- fuair foireann A cúl srl
- Plé a dhéanamh ar an scéal Jeic agus an Gas Ponairí agus na príomh eachtraí ón scéal sin.
- Déan plé leis an ngrúpa:- Céard atá ar eolas againn go dtí seo?- Cá bhfuil suíomh an scéil lonnaithe?- Céard atá ar eolas againn faoi na daoine i gCois Cuain?- Cén cineál oibre a dhéanann siad?- Déan cur síos ar an oileán
- Ag soiléiriú na rólanna laistigh de gach grúpa clainne- Beidh gach grúpa mar chlann ar leith i mbaile beag Cois Cuain.
- Le dán bunaithe ar an téama Scoil, déanfar plé ar na caractairí sa dán, agus príomhrudaí a tharlaíonn sa dán, ionas go mbeidh muid in ann píosa dramaíochta a chumadh leis na ceisteanna Céard? Cén? Cathain? Cé? mar uirlis.
- I mbeirteanna agus ag seasamh os comhair a chéile, tá ar A ghníomaíocht a dhéanamh agus tá ar B an ghníomhaíocht sin a choipeáil.
- Tuarimí difriúla a thabairt do cuigear faoin bogadh chuig an oilean nua ach níl cead acu aon rud aon a rá I rith an chruinniú mór go dtí go deireann an múinteoir go bhfuil ar gach duine bogadh go dtí an oileán nua, ansin deireann na daoine seo gur chuala siad ráflaí difriúla faoin oileán.
- Plé idir na clainne go léir ansin téann siad go léir ar ais agus pléann siad gach rud lena clainne féin. Céard a bhfuil orthu tógáil leo don turas báid.

-

Rang a 4:

Snáithe: Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú

Snáithaonad: Iniúchadh agus déanamh drámaíochta

- chor i saol teaghlaigh, an fhearg agus an frustrachas a eascraíonn as coimhlint i dtaobh athrú an chainéal teilifíse a eispéiriú

- fháiltiú a bheartú le haghaidh ball treibhe lena bhfuil siad in iomaíocht ach a bhfuil a gcabhair ag teastáil chun tuama ursanach a thógáil

- easaontas i measc grúpa páistí ag imirt cluiche 'cleas na bacóide'

- litir ón Tiarna Caernarfon a léamh dóibh, litir ina dtugtar cuireadh dóibh teacht ar fheachtas chun na hÉigipte chun tuama Tutankhamun a thochailt

- o ina rólanna mar bhaill treibhe, cinneann na páistí ar thuama ursanach a thógáil, ach de réir mar a thagann forbairt ar a gcarachtair i gcaitheamh na drámaíochta cinneann siad ar éirí as an tionscadal

